
Capaillíní Chonamara



Eochairfhocail: capaillín, searraigh, díolachán, aonach, pór
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cad atá ar siúl ar an gClochán i gConamara le cúpla lá anuas?
2. Cén deis atá ag daoine a fhreastalaíonn ar Aonach Mór Chapaillíní Chonamara?
3. Cé mhéad capaillín a bhí le díol ag an Aonach?
4. Cén saghas capaillín go díreach a bhí á ndíol Dé Sathairn, Dé Domhnaigh agus Dé Luain, dar le Róisín Ní Ghionnáin?
5. Luaigh athrú mór amháin atá tar éis teacht ar an Aonach le cúpla bliain anuas?
6. Cé mhéad díoláchán a bhíonn ar siúl gach bliain ar an gClochán i gConamara?
7. Cathain a bheidh an díolachán deiridh ar siúl ar an gClochán i mbliana?
8. An dtaitníonn ainmhithe leat? Cén fáth? .

Capaillíní Chonamara



Eochairfhocail: capaillín, searraigh, díolachán, aonach, pór
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh


Gníomhaíocht Smaointeoireachta:

Léigh an léamhthuiscint ghairid seo faoi Chapaillíní Chonamara agus freagair na ceisteanna a ghabhann léi.

Capaillín dúchasach de chuid Chonamara in Iarthar na Gaillimhe atá i gCapaillín Chonamara. Tá an capaillín seo ag maireachtáil i gConamara le fada an lá. Tá sé imithe i dtaithí ar thalamh sléibhtiúil agus ar aeráid thais agus gharbh Chonamara le himeacht na mblianta. Mar sin, is capaillín beag ach thar a bheith téagartha agus crua atá ann atá in ann obair mhór, mhaith a dhéanamh. Go deimhin, tá cáil ar Chapaillíní Chonamara ar fud an domhain mhóir as a gcumas oibre, a lúfaireacht agus as a n-áilleacht. Bíonn díolacháin nó aonaigh ar siúl gach bliain ar an gClochán i gConamara áit a ndíoltar agus a gceannaítear na hainmhithe áille cáiliúla seo.

1. Cén áit go díreach a bhfuil Conamara i nGaillimh?
2. Cén saghas aimsire a bhíonn i gConamara go minic?
3. Breac síos an dá aidiacht a úsáidtear sa sliocht a léiríonn chomh dian is atá Capaillíní Chonamara.
4. Cad a bhíonn ar siúl gach bliain ar an gClochán?
5. Cad a tharlaíonn ag na díolacháin?
6. Breac síos sampla amháin den urú sa sliocht.
7. Breac síos sampla amháin d'fhocal baininscneach sa sliocht?
8. Breac síos sampla amháin d'fhocal firinscneach atá san uimhir iolra.

Capaillíní Chonamara




Eochairfhocail: capaillín, searraigh, díolachán, aonach, pór
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

Samhlaigh gur feirmeoir tú agus go bhfuil tú tar éis teacht abhaile ó dhíolachán ar an gClochán. Déan cur síos gairid ar an díolachán féin. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.

Figiúir á nglaoch amach	Atmaisféar bríomhar
Capaillíní áille de dhathanna éagsúla	Ag díol agus ag ceannach
I bhfad is i gcéin	Margadh/margaí
Scáileán mór i lár an halla	Plódaithe

Capaillíní Chonamara



Freagraí

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Aonach Mór Chapaillíní Chonamara.
2. Capaillíní de gach sórt a cheannach agus a dhíol ann.
3. 1300.
4. Searraigh.
5. Is féidir capaillíní a cheannach ar líne/ ar an idirlíon le cúpla bliain anuas.
6. Beagnach 24.
7. An mhí seo chugainn.

Gníomhaíocht Smaointeoireachta:

1. Iarthar na Gaillimhe.
2. Aimsir fhliuch agus gharbh.
3. Téagartha agus crua.
4. Aonaigh nó díolacháin Chapaillíní Chonamara.
5. Díoltar agus ceannaítear Capaillíní Chonamara iontu.
6. Ar an gClochán, i dtaithí, i gCapaillín, a ndíoltar, a gceannaítear.
7. Cáil, lúfaireacht, áilleacht, bliain, Gaillimh, taithí, aeráid, obair.
8. Capaillíní, ainmhithe, díolacháin, aonaigh.